NATIONAL EDUCATIONAL WELFARE BOARD
AN BORD NÁISIÚNTA LEASA OIDEACHAIS

16 - 22 Green Street, Dublin 7.
Telephone 01-8738700 Fax 01-8738799 or 01-8738798
Email: info@newb.ie
Website: www.newb.ie

Chuig:
Boird Bhainistíochta na mBunscoileanna agus na nIarbhunscoileanna
Príomhoidí na mBunscoileanna agus na nIarbhunscoileanna
Coistí Gairmoideachais

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AR THINREAMH 2004/2005

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh as an gcomhoibriú maidir le comhlánú agus seoladh ar ais an Tuarascáil Bhliantúil ar Thinreamh *de réir an Achta Oideachais (Leas).*

Seo an dara bliain a bheidh sonraí cuimsitheacha maidir le freastal scoile ar fáil ag leibhéal náisiúnta. Is féidir linn tabhairt faoi phleanáil agus taighde ar bhonn sásúil toisc leibhéal agus caighdeán an chomhoibrithe ó scoileanna maidir leis na tuarascálacha a sheoladh ar ais. Rinne MORI Ireland anailísiú agus dearbhú ar na sonraí.

Cuireadh réamhthorthaí faoi bhráid na Roinne Oideachais & Eolaíochta agus tá achoimre ar na réamthorthaí sin san aguisín a ghabhann leis an litir seo. Bhí na leibhéil freastail scoile i gcomhréir le figiúirí 2003/2004 ar an iomlán. Is fiú a lua go raibh feabhas ar an scéal, de réir an staidéir, i limistéir áirithe ina bhfuil Oifigeach Leasa Oideachais (OLO) ag feidhmiú. Foilseofar miontuarascáil go luath a bheidh ar fáil ar ár suíomh Gréasáin ag http://www.newb.ie/research.shtml.

Bunaíodh cuid mhaith d'aighneacht réamhbhuiséid an Bhoird ar na torthaí sin. Rinneamar iarratas san aighneacht ar Oifigigh Leasa Oideachais sa bhreis chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí seo a leanas:

- *Na limistéir is mó riachtanas a aithníodh san anailís ar shonraí na d'*Tuarascálacha Bliantúla ar Thinreamh.
- *Contaetha nach bhfuil aon Oifigeach Leasa Oideachais ag feidhmiú iontu faoi láthair.*
- *An t-ualach mór oibre a bhíonn ar Oifigigh Leasa Oideachais ar leith i limistéir áirithe ina bhfuil seirbhís leasa oideachais.*
- *An gá atá ann na cleachtais leasa oideachais is fearr a fhorbairt.*

TUAIRISCIÚ AR ASLÁITHREACHTAÍ DALTA INDIBHIDIÚIL

Seoladh treoir chuig gach scoil maidir le tuairisciú ar asláithreachtaí dalta indibhidiúil. Is é atá ar intinn againn ná cuidiú le scoileanna a ndualgais a chomhlíonadh faoin Acht, chomh maith le dóthain eolais a sholáthar chun gur féidir le hOifigigh Leasa Oideachais tús áite a thabhairt do leanaí ar leith a bhfuil deacrachtaí acu.

Gabhaim buíochas libh athuair as an gcomhoibriú

Le meas

Eddie Ward

Eddie Ward, Príomhfheidhmeannach
Eanáir, 2006

Baineadh an t-achoimre atá faoi iamh as tuarascáil a bheidh ar fáil go luath ag http://www.newb.ie/research.shtml.